

Eleathanach 255

Dé Luain 27 Feabhra 2017

Beyoncé agus Jay Z

Tá Beyoncé 35 bliain d'aois agus rugadh í in Texas. Phós sí Jay Z sa bhliain 2008. Bhí sí ina ball den bhanna ceoil *Destiny's Child*. Tá an-cháil uirthi agus ar a fear céile Jay Z. Rugadh Jay Z in Brooklyn, Nua Eabhrac.

Tá Beyoncé ag iompar linbh. Tá an-áthas uirthi. Tá iníon amháin aici. Blue Ivy is ainm di. Tá sí 5 bliana d'aois.

Tá Beyoncé agus Jay Z ag súil le cúpla. An mbeidh cúpla comhionann acu? Tá siad chun teach nua a cheannach in Hollywood freisin.



Seo grianghraf de Beyoncé agus Blue Ivy i bPáras.



Is cúpla comhionann iad Mary-Kate agus Ashley Olsen.

Báisteach throm sa tSile

Bhí báisteach throm sa tSile thar an deireadh seachtaine. Tá ar a laghad triúr marbh agus tá naoi nduine dhéag ar iarraidh. De ghnáth, ag an am seo den bhliain, bíonn sé an-te agus bíonn an ghrian ag taitneamh sa tSile.

Ní raibh na seirbhísí éigeandála in ann dul chuig na sléibhte in aice leis an bpríomhchathair, Santiago. Tá 378 duine leo féin gan aon chabhair. Níl uisce ar fáil anois i milliún teach i Santiago. Is scéal an-bhrónach é seo.



Is é Santiago an príomhchathair sa tSile.

Hollywood

Bhí na gradaim 'Oscars' ar siúl in Hollywood. Bhuaigh an scannán *Moonlight* an Oscar don scannán is fearr.

Bhí Warren Beatty agus Faye Dunaway ar an stáitse ach ghlaigh siad an scannán mícheart amach. Mheas siad gur bhuaigh *La La Land* an duais.

Ba bhotún mór é seo agus bhí ruaille buaille ar an stáitse! Bhí na haisteoirí ón dá scannán ar an stáitse. Sa deireadh shocraigh siad an fhadhb agus bhí an bua ag *Moonlight*.

Bhí aisteoir Éireannach-Aetópach i láthair freisin. Ruth Negga is ainm di. Níor bhuaigh sí duais don aisteoir is fearr, ach bhí sí go hiontach sa scannán *Loving*. Maith thú, a Ruth!



Is aisteoir Éireannach-Aetópach í Ruth Negga.